An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2024

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Leathanach 4** | Misean, Fís agus Ár Luachanna |
| **Leathanach 5** | Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach |
| **Leathanach 7** | Bord an Údaráis |
| **Leathanach 7** | An Fhoireann Ardbhainistíochta |
| **Leathanach 8** | Rialachas Corparáideach |
| **Leathanach 11** | An Plean Straitéiseach, 2023 go 2025 |
| **Leathanach 12** | An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna |
| **Leathanach 23** | Ár Ráitis Airgeadais |
| **Leathanach 45** | Aguisíní |




# Misean, Fís agus Ár Luachanna

## Ar mhaithe leis an sainordú atá againn an pobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú laistigh den tionscal slándála príobháidí, táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

**Is é ár Misean** tacaíocht a thabhairt don phobal tríd an tionscal slándála príobháidí a rialáil trí chaighdeáin a ardú, trí fheasacht a mhéadú agus trí chomhlíonadh a fhorfheidhmiú.

**Is é ár bhFís go mbeadh feabhas ann ar iontaoibh an phobail agus ar chosaintí tomhaltóirí i dtionscal slándála dea-rialáilte.**

**Áirítear na nithe seo lenár Luachanna**, a gcloífimid leo le linn dúinn ár ngnó a dhéanamh:

- Comhpháirtíocht: Obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe tionscail chun tacú le rialáil.
- Sármhaitheas: Sármhaitheas a bhaint amach i rialáil a sholáthar agus i dtorthaí a sholáthar do ghnólachtaí.
- Oscailteacht: Bheith cothrom, trédhearcach agus measúil.
- Feidhmíocht: Seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar le dea-rialachas.
- Tiomantas: Timpeallacht a sholáthar inar féidir lenár mbaill foirne sármhaitheas a bhaint amach, inar féidir lenár dtionscal dul faoi rath agus ina mbíonn an pobal sábháilte.

# Ráiteas Tosaigh

## ó Jillian van Turnhout, an Cathaoirleach, agus ó John Phelan, an Príomhfheidhmeannach

Leanamar ar fud na bliana de dhul chun cinn a dhéanamh ar bhaint amach ár gcuspóirí straitéiseacha. Leathnaíodh ceadúnú chuig daoine aonair san earnáil Gardaí Forfheidhmiúcháin agus tugadh cúrsa Scileanna Gardaí Forfheidhmiúcháin isteach chun tacú leis an leathnú sin.

Leanadh de dhá chaighdeán nua a fhorbairt le linn na bliana. Bhain an chéad cheann le caighdeán nua do Sholáthraithe Taisceadán agus Suiteálaithe Taisceadán agus bhain an dara ceann le caighdeán teicniúil do Shuiteálaithe Geataí Cumhachtaithe. Nuair a bheidh na caighdeáin sin tugtha chun críche, beifear in ann ceadúnú conraitheoirí a thabhairt isteach mar a bhí beartaithe sa Phlean Straitéiseach 2023-2025 uainn.

Mar thoradh ar ár gcuid oibre comhlíonta, thionscnaíomar ceithre ionchúiseamh rathúla sna cúirteanna. De bhreis air sin, cúlghaireadh a gceadúnas i gcás seacht gconraitheoir agus 35 dhuine aonair agus cuireadh a gceadúnas ar fionraí ar feadh tréimhse i gcás trí chonraitheoir agus seisear daoine aonair. Fuaireamar 751 tuairisc faisnéise. Ba mhéadú 27 faoin gcéad é sin ar an líon a fuarthas sa bhliain roimhe. I mí na Bealtaine, neartaíomar ár n-inniúlacht i réimse an chomhlíonta trí chigire breise a cheapadh.

Phróiseálamar 16,543 iarratas ar cheadúnais sa bhliain 2024. B'ionann an líon daoine aonair a raibh ceadúnas acu ag deireadh na bliana agus 41,679 nduine aonair, an líon ab airde ó thosú an cheadúnúcháin i leith. Leanann an fás sa ghnó de bhrú a chur ar acmhainní atá teannta cheana féin. Sa bhliain 2024, chuir an Roinn Dlí agus Cirt tús le hobair ar chóras nua TF don Údarás Slándála Príobháidí a chur chun feidhme. Cé go gcuirtear fáilte roimh thosú an tionscadail, meastar nach mbeidh sé críochnaithe ach amháin sa bhliain 2028. Beidh acmhainní breise ag teastáil uainn chun déileáil leis an éileamh idir an dá linn, i bhfianaise an lín ceadúnas.

De bhreis ar ár gcuid oibre rialála, choimisiúnaíomar taighde ar na bacainní atá ann ar obair sa tionscal slándála agus foilseofar fionnachtana an taighde a luaithe a bheidh an obair sin críochnaithe sa bhliain 2025. Trínár bhfeachtais feasachta poiblí, leanaimid d'fheasacht agus tuiscint an phobail ar an Údarás Slándála Príobháidí agus ar rialáil an tionscail slándála príobháidí a fheabhsú.

Gabhaimid buíochas leis na comhaltaí dár mBord as a gceannaireacht leantach. I mbliana, d'imigh Richard O'Farrell, Alan Durnan agus David Smith, comhaltaí den Bhord. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine díobh as a seirbhís agus a dtiomantas daingean le linn a dtéarmaí mar chomhaltaí den Bhord.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ón Aire Dlí agus Cirt agus ón Roinn Dlí agus Cirt, ón nGarda Síochána, ón tionscal slándála agus ó gach duine a rannchuidigh lenár n-obair sa bhliain atá imithe thart. Tá tacaíocht, comhar agus cúnamh ónár ngeallsealbhóirí ina gcuid dhílis dár gcuid oibre agus ina gcuid ríthábhachtach de thorthaí rathúla a bhaint amach. Tugaimid aitheantas go buíoch an athuair d'obair dhícheallach ár mball foirne agus dá dtiomantas leantach dár misean.



Jillian van Turnhout Uas.



An tUas. John Phelan

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2024

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas (€)*** |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 999 | 4 | €63,203,000 |
| Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 37 | €4,314,000 |
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 12,895 | 43 | €10,366,000 |
| An Earnáil Slándála Leictreonaí[1] | N/B | 972 | €317,445,000 |
| Gardaí Forfheidhmiúcháin | N/B | 4 | €102,000 |
| Glasadóirí | N/B | 203 | €24,257,000 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | 254 | 87 | €9,726,000 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim)* | 905 | 37 | €66,991,000 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI) | N/B | 34 | €22,946,000 |
| Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 47 | €16,304,000 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 35,583 | 183 | €534,353,000 |
| Iomlán ** | **50,636** | **1,651** | **€1,070,008,000** |

* San fhigiúr do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláram agus Faireachán ar TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin.

** Is mó an líon ceadúnas a eisíodh ná an líon daoine aonair agus conraitheoirí atá ceadúnaithe toisc go bhfuil ceadúnais i níos mó ná earnáil amháin ag roinnt sealbhóirí ceadúnais.

*** Tá láimhdeachas bunaithe ar fhigiúirí a sholáthair conraitheoirí in éineacht leis an iarratas uathu agus baineann sé lena dtréimhse chuntasaíochta roimhe.

1 Ba cheart Suiteálaithe Rialaithe Rochtana, TCI agus Córas Aláraim Ionraidh a chur ar áireamh sa tagairt do na hearnálacha Slándála Leictreonaí sa Tuarascáil seo.

# Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Jillian van Turnhout*** | Cathaoirleach |
| **Una Doyle** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt |
| **Aiden Harper**** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Mark Griffin** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Brian Nolan***** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Ed Kenny** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **David McGuinness** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **An Coimisinéir Cúnta Paula Hilman** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Aideen Neylon** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **Joanne Morrissey**** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Patricia McMahon**** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |

* Ceapadh Jillian van Turnhout mar Chathaoirleach sa bhliain 2024. Tháinig sí in ionad Richard O'Farrell, a d'éirigh as.

** Ceapadh Joanne Morrissey, Aiden Harper agus Patricia McMahon, comhaltaí den Bhord, sa bhliain 2024.

*** Athcheapadh Brian Nolan i mí Aibreáin 2024.

# An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **John Phelan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Joe Duggan** | Príomh-Chigire |
| **Lisa Kelly** | Ceann um Cheadúnú |
| **Siobhan Cleary** | Ceann um Cháilíochtaí agus Caighdeáin |
| **Keith Nolan** | Ceann Gnóthaí Corparáideacha |

# Rialachas Corparáideach

Tá Bord, Príomhfheidhmeannach agus foireann an Údaráis tiomanta do ghníomhú de réir an dea-chleachtais chorparáidigh i gcónaí. Seolaimid ár ngnó ar dhóigh eiticiúil thrédhearcach ar aon dul lenár bhfreagrachtaí reachtúla. Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás bunaithe orthu seo a leanas:

- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí.
- An Cód Iompair do Chomhaltaí Boird ó Bhord an Údaráis.
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí/Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí.
- An Comhaontú Formhaoirseachta idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an tÚdarás.

Mar chomhlacht poiblí agus mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, comhlíonaimid gach treoir ilghnéitheach eile ar nithe rialachais chorparáidigh arna n-eisiúint ag an Roinn thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe nó thar ceann Ranna Rialtais eile ó am go chéile. Ar an mbealach sin, cinntímid go bhfuil struchtúir agus próisis chuí i bhfeidhm chun an leibhéal is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun. Gach bliain, déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san Údarás.

Tá an Bord freagrach as treo straitéiseach an Údaráis, agus tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach faoi chomhlíonadh chuspóirí straitéiseacha an Bhoird. Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach raon doiciméad éagsúil don Bhord ag gach cruinniú Boird, lena n-áirítear tuarascáil bainistíochta riosca, ráiteas airgeadais, an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn ar an bPlean Straitéiseach agus ar an bPlean Gnó agus ar a gcur chun feidhme, agus tuarascáil ar chur chun feidhme na mbreitheanna ón mBord.

Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar phróisis airgeadais agus rialachais laistigh den Údarás. Cuirtear dhá chruinniú rialachais ar a laghad ar siúl leis an Roinn Dlí agus Cirt gach bliain. Tá an tÚdarás faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Faigheann an Príomhfheidhmeannach tacaíocht ó Fhoireann Iniúchóireachta an Údaráis chomh maith.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhaltaí den Bhord agus baill foirne a shealbhaíonn poist ainmnithe san Údarás forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tugaimid spreagadh d’aon chomhaltaí den Bhord, d’aon bhaill foirne agus d’aon daoine eile a bhfuil ábhair imní acu faoin dóigh a gcuirimid ár gcuid gnó i gcrích leas a bhaint as na rialacháin maidir le nochtadh cosanta agus as na rialacháin maidir le calaois a chomhrac, de réir mar is cuí.

Tháinig an Bord le chéile sé huaire sa bhliain 2024. Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 20/01/24 | 25/03/24 | 27/05/24 | 29/07/24 | 30/09/24 | 25/11/24 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Jillian van Turnhout | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Una Doyle* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Aiden Harper* | N/B | N/B | × | ✓ | × | ✓ |
| Mark Griffin** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Brian Nolan** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ |
| Ed Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ |
| David McGuinness | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Assistant Commissioner Paula Hilman | ✓ | × | ✓ | ✓ | × | × |
| Aideen Neylon* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Joanne Morrissey** | N/B | × | ✓ | ✓ | ✓ | × |
| Patricia McMahon* | N/B | N/B | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Richard O'Farrell | ✓ | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |
| Alan Durnan | ✓ | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |
| David Smith | × | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |

* Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
** Comhaltaí den Ghrúpa Oibre um an bPrintíseacht Slándála Leictreonaí.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2024. Ag an gcruinniú de chuid an Bhoird an 27 Bealtaine 2024, cheap an Bord Patricia McMahon agus Aiden Harper chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca chun teacht in ionad Jillian van Turnhout, ar cheap an tAire Dlí agus Cirt í mar Chathaoirleach Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí, agus chun teacht in ionad Alan Durnan, ar tháinig a théarma ar Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí in éag. Áiríodh na nithe seo a leanas le gníomhaíochtaí an choiste, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Bualadh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt.
- Bualadh leis an gCuntasóir Conraithe don Údarás.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ón Roinn Dlí agus Cirt don bhliain 2023 agus ar an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2023.
- Na Ráitis Dearbhaithe don bhliain 2023 a athbhreithniú.
- Na Ráitis Airgeadais don bhliain 2023 a athbhreithniú.
- An Córas Rialaithe Inmheánaigh agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2023 a athbhreithniú.
- An Clár Rioscaí, an Plean Gníomhaíochta Rioscaí agus an Ráiteas faoi Fhonn Riosca ón Údarás a athbhreithniú.
- An Plean Leanúnachais Gnó ón Údarás a athbhreithniú.

Tháinig an Grúpa Oibre um an bPrintíseacht Slándála Leictreonaí le chéile trí huaire sa bhliain 2024 chun breithniú a dhéanamh ar na ceanglais cheadúnúcháin ar fhostaithe sna hearnálacha slándála leictreonaí.

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2024

**1,389**
An líon Conraitheoirí a bhí Ceadúnaithe
Ag Deireadh na Bliana
(2023: 1,394)

**41,679**
An líon Daoine Aonair a bhí Ceadúnaithe
Ag Deireadh na Bliana
(2023: 35,700)

**42**
An líon Ceadúnas a Cúlghaireadh
(2023: 29)

Cúrsa Scileanna
Gardaí Forfheidhmiúcháin
Tá Miondámhachtain ar Leibhéal 4
de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar fáil

**€3,357,023**
Ioncam ó Tháillí
(2023: €3,295,098)

**751**
An líon Tuairiscí Faisnéise
(2023: 592)

**16,543**
An líon Iarratas a Próiseáladh
(2023: 16,579)

**58 mBall Foirne**
(2023: 57)

# An Plean Straitéiseach, 2023 go 2025

Ag teacht sna sála ar a cheapadh i mí an Mhárta 2022, chuir Bord an Údaráis tús le hobair ar Phlean Straitéiseach nua mar a leagadh síos le halt 9 de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt an Plean nua i mí Eanáir 2023 agus cumhdaítear leis an tréimhse ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2025.

Is é sin an cúigiú Plean Straitéiseach ón Údarás agus tógtar leis ar an méid a baineadh amach cheana féin, agus na nithe is gá a dhéanamh fós á n-aithint agus forbairt leanúnach an tionscail slándála á cur san áireamh. Cuimsítear na cúig Sprioc seo a leanas sa Straitéis:

**Is iad seo a leanas na príomhspriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach:**

**Sprioc 1:** **An Tionscal Slándála Príobháidí a rialáil.**

**Sprioc 2:** **Comhlíonadh a chinntiú trí dhul i ngleic le gníomhaíocht neamhcheadúnaithe.**

**Sprioc 3:** **Feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí slándála trí chaighdeáin agus cáilíochtaí a úsáid.**

**Sprioc 4:** **Féachaint ar dhóigheanna ar féidir lenár dtionscal dul chun tairbhe don tsochaí.**

**Sprioc 5:** **Na tacaí a theastaíonn chun ár mbaill foirne a fhorbairt agus ár n-eagraíocht a bhreisiú a sholáthar.**

Dírítear sa Straitéis ar cheadúnú a leathnú, ar leibhéil caighdeán agus cáilíochtaí a ardú, agus ar fheabhas a chur ar chumarsáid le sealbhóirí ceadúnais agus leis an bpobal. Tugtar gealltanas sa Straitéis freisin go scrúdófaí cé acu a dhéanann nó nach ndéanann rialáil difear don chumas atá ag grúpaí mionlaigh chun an tionscal a rochtain agus, má dhéanann, go ndéanfaí breithniú ar dhóigheanna ar féidir é sin a mhaolú. Beidh sé i gceist le gníomh comhlántach féachaint ar dhóigheanna ar féidir tacú le conairí gairme dóibh sin a oibríonn sa tionscal.

Tugtar breac-chuntas sa Phlean Straitéiseach ar chonair shoiléir uaillmhianach don Údarás. Tá an tÚdarás ag féachaint leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean a bhaint amach agus oibreoidh sé go comhoibríoch le comhghleacaithe ar fud an Rialtais, leis an tionscal agus le geallsealbhóirí eile chun go mbeifear in ann ár misean agus ár spriocanna a chomhlíonadh thar thréimhse feidhme na straitéise.

# Éachtaí sa bhliain 2024

| | |
|---|---|
| Sprioc 1 | Ceadúnú daoine aonair a chur i bhfeidhm san earnáil Gardaí Forfheidhmiúcháin |
| Sprioc 2 | Ceithre ionchúiseamh rathúla |
| Sprioc 3 | Dhá chaighdeán nua a fhorbairt agus oiliúint nua a chur ar fáil |
| Sprioc 4 | Úsáid mhéadaithe a bhaint as Cainéil Meán Sóisialta |
| Sprioc 5 | Tús a chur le tionscadal atá ceaptha chun córas digiteach nua a sholáthar don Údarás |

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

# Sprioc 1:
## An Tionscal Slándála Príobháidí a rialáil

Is ionann agus 13 cinn an líon earnálacha conraitheoirí atá ceadúnaithe. Chomh maith leis sin, cumhdaítear sé earnáil le ceadúnú fostaithe.

### Ceadúnú Gnólachtaí


Sa bhliain 2024, bhí laghduithe beaga ann sa líon conraitheoirí a ceadúnaíodh agus sa líon ceadúnas earnála araon. Bhí 1,389 gconraitheoir ceadúnaithe ag deireadh mhí na Nollag, rud a bhí cothrom le laghdú cúig chonraitheoir ar an líon a bhí ceadúnaithe ag deireadh na bliana 2023. Laghdaigh an líon ceadúnas earnála a eisíodh sa bhliain 2024 faoi 11 cheann go 1,651 cheann.

| Earnáil | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 4 | 4 | 4 | 4 |
| Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) | 34 | 34 | 34 | 37 |
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 47 | 49 | 43 | 43 |
| Gardaí Forfheidhmiúcháin | N/B | N/B | 4 | 4 |
| An Earnáil Slándála Leictreonaí[1] | 1,059 | 1,072 | 988 | 972 |
| Glasadóirí | 226 | 215 | 206 | 203 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | 100 | 96 | 92 | 87 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim) | 37 | 37 | 36 | 37 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI) | 34 | 32 | 33 | 34 |
| Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí) | 49 | 46 | 44 | 47 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 185 | 185 | 178 | 183 |
| **IOMLÁN** | **1,775** | **1,770** | **1,662** | **1,651** |

**Tábla 1: Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach Earnála idir an bhliain 2021 agus an bhliain 2024**

1 Ba cheart Suiteálaithe Rialaithe Rochtana, TCI agus Córas Aláraim Ionraidh a chur ar áireamh sa tagairt do na hearnálacha Slándála Leictreonaí sa Tuarascáil seo.

Tá na hearnálacha Slándála Leictreonaí, a chuimsíonn conraitheoirí Rialaithe Rochtana, conraitheoirí TCI agus conraitheoirí Aláram Ionraidh, freagrach as 59% de na sealbhóirí ceadúnais gnó. Is iad Glasadóirí an dara grúpa is mó (12%). Agus iad freagrach as 11% de na ceadúnais uile, is iad Gardaí Slándála (Socair) an chéad ghrúpa is mó eile.




**Fíor 1: Forbhreathnú ar Cheadúnais Conraitheoirí de réir Earnála sa bhliain 2024**

## Application Processing

Fuarthas 659 n-iarratas ar cheadúnas conraitheoirí sa bhliain, rud a bhí cothrom le laghdú 179 n-iarratas ar na 838 n-iarratas a fuarthas sa bhliain 2023. Is féidir an laghdú a chur síos don timthriall ceadúnais dhá bhliain, agus líon níos airde ceadúnas le hathnuachan i mblianta lena ngabhann corruimhreacha.

De na 554 chonraitheoir a raibh a gceadúnas le hathnuachan acu sa bhliain 2024, ní raibh a gceadúnas athnuaite ag 44 chonraitheoir faoi dheireadh na bliana. Is ionann é sin agus ráta athnuachana 92% i measc conraitheoirí don bhliain 2024. Tá sé sin cothrom le méadú 1% ar an ráta ó bhliain go bliain sa bhliain 2023 (fuaireamar 16 iarratas dhéanacha ar athnuachan sa bhliain 2024 a bhain le ceadúnais a tháinig in éag sa bhliain 2023, rud a d'fhág gurbh ionann agus 93% an ráta athnuachana athbhreithnithe don bhliain 2023).

Bhí 82 iarratasóir céaduaire ar cheadúnas ann, an líon céanna a bhí ann sa bhliain 2023. Thaisc 16 chonraitheoir iarratas ar earnáil/earnálacha a chur le ceadúnas a bhí ann cheana.

Tharraing 16 chonraitheoir an t-iarratas uathu siar sular thug an tÚdarás cinneadh deiridh orthu, ar laghdú é ar an 32 chonraitheoir a rinne amhlaidh anuraidh. Déanann conraitheoirí é sin chun go mbeidh siad in ann aisíocaíocht na táille ceadúnais a fháil sula n-eiseofar breith diúltaithe. Rinne dhá chonraitheoir iarratas a ataisceadh ina dhiaidh sin nuair a bhí a bpáipéarachas in ord.

### Diúltuithe agus Achomhairc

Diúltaíodh do na hiarratais ó 16 chonraitheoir toisc go raibh siad neamhbhailí mar nár cuireadh an páipéarachas ceart nó an táille cheart isteach. Diúltaíodh do 10 n-iarratas eile ó chonraitheoirí toisc gur mhainnigh an conraitheoir na ceanglais cheadúnúcháin a chomhlíonadh.

Taisceadh trí achomharc conraitheora leis an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach sa bhliain 2024. Tarraingíodh ceann amháin díobh sin siar ina dhiaidh sin. Den dá achomharc a bhí fágtha, seasadh leis an mbreith ón Údarás i gcás amháin agus bhíothas ag fanacht leis an mbreith ón mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach sa chás eile.

### Ceadúnais Shealadacha

Bhí 50 ceadúnas sealadach i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana. B'ionann é sin agus méadú 21 cheadúnas ar an líon a bhí i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana roimhe sin. Eisítear ceadúnais shealadacha chuig conraitheoirí nua san earnáil Slándála Leictreonaí ionas gur féidir leo córais a shuiteáil ar mhaithe leis na caighdeáin a theastaíonn chun críocha ceadúnúcháin a ghnóthú.

### Táillí Ceadúnais

Fuarthas €1,573,284 ó tháillí ceadúnais conraitheoirí sa bhliain 2024, i gcomparáid le €1,545,338 sa bhliain 2023 agus le €1,446,986 sa bhliain 2022 (arb í an bhliain inchomparáide sa timthriall ceadúnais dhá bhliain í).

| Bliain | Láimhdeachas |
|---|---|
| 2021 | €902,579,000 |
| 2022 | €962,963,000 |
| 2023 | €1,006,596,000 |
| 2024 | €1,070,008,000 |

**Tábla 2: An Láimhdeachas Conraitheoirí a Taifeadadh in Iarratais ar Cheadúnais idir an bhliain 2021 agus an bhliain 2024**

Léirítear i dTábla 2 thuas gur lean an tionscal slándála ar aghaidh ag fás, agus méadú 6% tagtha ar an láimhdeachas do chonraitheoirí ceadúnaithe sa bhliain 2024. Tháinig fás ar an láimhdeachas i bhformhór na n-earnálacha sa bhliain 2024. Ba san earnáil Maoirseoirí Dorais, san earnáil Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí), agus san earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach a chonacthas an fás is mó.







**Figure 2: Overview of Contractor Turnover by Sector in 2024**

Cé gur san Earnáil Slándála Leictreonaí atá 59% de chonraitheoirí ceadúnaithe (Fíor 1 ar leathanach 13), tá sí freagrach as 30% de láimhdeachas an tionscail. Is amhlaidh sin mar gheall ar an líon gnólachtaí beaga a oibríonn san earnáil. I gcodarsnacht leis sin, tá an earnáil Gardaí Slándála (Socair) freagrach as 11% de shealbhóirí ceadúnais agus as 50% de láimhdeachas an tionscail. Tá glasadóirí freagrach as 2% de láimhdeachas ach as 12% de shealbhóirí ceadúnais, rud atá cosúil leis an Earnáil Slándála Leictreonaí agus atá ag teacht leis an líon gnólachtaí beaga san earnáil. Tá a mhalairt ar fad fíor i gcás na hearnála Airgid Thirim faoi Bhealach. Is ionann a láimhdeachas agus 6% ach níl sí freagrach ach as níos lú ná 0.25% de shealbhóirí ceadúnais. Ós rud é nach ionann an láimhdeachas don earnáil Gardaí Forfheidhmiúcháin ach 0.01% den iomlán, níor léiríodh é ar leithligh thuas.



## Ceadúnú Fostaithe

Ba ann do mhéadú suntasach sa líon fostaithe ceadúnaithe sa bhliain 2024, rud a tháinig as an éileamh láidir a bhí ag an ngeilleagar ar sheirbhísí slándála agus as téarnamh leantach na hearnála slándála imeachtaí tar éis phaindéim Covid-19. B'ionann an líon daoine aonair ceadúnaithe agus 41,679 nduine aonair, an líon ab airde a taifeadadh ó thosú an cheadúnúcháin i leith. Agus é cothrom le 50,636 cheadúnas, shroich an líon ceadúnas earnála a leibhéal ab airde riamh amach. B'airde é ná an figiúr ab airde roimhe sin, ab ionann agus 43,849 gceadúnas agus a taifeadadh sa bhliain 2023.

| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| **Airgead Tirim faoi Bhealach** | 1,085 | 1,017 | 988 | 999 |
| **Maoirseoirí Dorais** | 11,425 | 10,852 | 11,588 | 12,895 |
| **Imscrúdaitheoirí Príobháideacha** | N/B | 62 | 202 | 254 |
| **Gardaí Slándála (Gardáil)** | 27,559 | 27,294 | 30,081 | 35,583 |
| **Gardaí Slándála (Lárionaid Faireacháin)** | 651 | 783 | 990 | 905 |
| **IOMLÁN** | **40,720** | **40,008** | **43,849** | **50,636** |

**Tábla 3: Comparáid idir an Líon Iomlán Ceadúnas a bhí i seilbh gach Earnála ag deireadh na bliana idir an bhliain 2021 agus an bhliain 2024**

D'fhás gach earnáil, seachas an earnáil Gardaí Slándála (Lárionaid Faireacháin). San earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach, tháinig méadú ar an líon ceadúnas tar éis ceithre bliana as a chéile inar tháinig laghdú ar an líon ceadúnas.



### Próiseáil Iarratas

Fuaireamar 15,884 iarratas ar cheadúnais daoine aonair le linn na bliana. Áiríodh leo sin 5,023 athnuachan agus 10,360 iarratas céaduaire. Áiríodh leo freisin 501 iarratas eile ar diúltaíodh dóibh. Maidir leis an líon iarratas a fuarthas, tá sé inchurtha leis an mbliain 2023, nuair a fuaireamar 15,741 iarratas, agus tá sé 65% níos airde ná an líon a fuarthas sa bhliain 2021, arb í an bhliain chomhfhreagrach sa timthriall ceadúnais trí bliana d'fhostaithe í agus ina bhfuaireamar 9,616 iarratas.

Dhiúltaíomar do 3% de na hiarratais uile a fuarthas, síos ó 10% sa bhliain 2023. Áirítear leis na príomhchúiseanna a ndiúltaítear d'iarratas doiciméid tacaíochta neamhdhóthanacha a sholáthar, gan doiciméid a chomhlánú i gceart agus gan íocaíocht a dhéanamh. Ina lán cásanna, déantar iarratais ar diúltaíodh dóibh a ataisceadh ina dhiaidh sin mar iarratais bhailí.

### Diúltuithe agus Achomhairc

Faoi mar a tharla sa bhliain 2023, ba iad na príomhchúiseanna ar diúltaíodh d'iarratais ná mainneachtain páirt a ghlacadh i bpróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána nó nochtadh ciontuithe tar éis ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Diúltaíodh do 107 n-iarratas ó fhostaithe sa bhliain 2024, i gcomparáid le 100 ceann sa bhliain 2023.

Tá an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach neamhspleách ar an Údarás agus tugann sé breithiúnas ar achomhairc in aghaidh na mbreitheanna uainn. Taisceadh 22 achomharc leis an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach sa bhliain 2024, agus bhí sé achomharc eile ón mbliain 2023 fós idir lámha. Seasadh leis an mbreith ón Údarás Slándála Príobháidí i 17 gcás agus cuireadh ar ceal í i sé chás. Bhí cúig achomharc idir lámha fós ag deireadh na bliana lena gcinneadh ag an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach.

### Táillí Ceadúnais

B'ionann luach na dtáillí ceadúnais daoine aonair sa bhliain 2024 agus €1,783,739, i gcomparáid le €1,749,759 sa bhliain 2023. B'ionann na táillí a fuarthas sa bhliain inchomparáide is déanaí sa timthriall ceadúnais trí bliana – is é sin, 2021 – agus €1,185,171.

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority


# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 2:
## Comhlíonadh a chinntiú trí dhul i ngleic le gníomhaíocht neamhcheadúnaithe

Leathnaíomar ár gcigireacht i dtús na bliana, agus é i gceist againn ár ngníomhaíocht comhlíonta a mhéadú ar fud na tíre. Rinne ár bhfoirne cigireachta cigireachtaí i ngach contae, agus cuairt á tabhairt acu ar bhreis agus 1,600 áitreabh gnó sa bhliain 2024. D'osclaíomar 805 chás forfheidhmiúcháin sa bhliain, a bhí comhdhéanta de 421 chás conraitheoirí, de 217 gcás ceannaitheoirí slándála agus de 167 gcás fostaithe.

Fuaireamar 751 tuairisc faisnéise le linn na bliana, i gcomparáid le 592 cheann sa bhliain 2023. Déanann ár bhfoireann comhlíonta measúnú ar gach tuairisc agus roghnaíonn sí iad le haghaidh gníomh a dhéanamh ina leith, de réir mar is cuí.

Níor imscrúdaíodh 477 gcinn de na cásanna a fuarthas toisc gur thuairiscigh duine eile iad cheana féin, toisc gur imscrúdaíodh iad roimhe sin, toisc nár leor an fhaisnéis, toisc gur cuí d'Údarás eile a bhí an ní, nó toisc go raibh an conraitheoir ceadúnaithe cheana féin. I gcás nach n-imscrúdaímid tuairiscí faisnéise, coinnítear an fhaisnéis. Má fhaightear tuilleadh tuairiscí ar an aon ní amháin, athbhreithnítear iad chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart imscrúdú a thosú. Bhí an 274 thuairisc faisnéise a bhí fágtha, ar ghá tuilleadh imscrúdúcháin a dhéanamh orthu, ina gcuid de na 805 chás forfheidhmiúcháin a osclaíodh le linn na bliana.




**Fíor 3: Forbhreathnú ar Chásanna Forfheidhmiúcháin de réir Earnála sa bhliain 2024**

Thugamar cuairt ar 144 chonraitheoir cheadúnaithe sa bhliain 2024, ar lena linn a d'iniúchamar a dtaifid chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na rialachán ceadúnúcháin. Fuarthas amach go raibh 48% de chonraitheoirí ag comhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin go hiomlán ar dháta na cigireachta, i gcomparáid le 32% díobh sa bhliain 2023. Cuireadh formhór na gcásanna a raibh neamhchomhlíonadh iontu ina cheart laistigh de chúig seachtaine ó dháta na cigireachta, agus déanfar faireachán ar an bhfeabhsú ar chomhlíonadh chun a chinntiú go leanfaidh an feabhsú ar aghaidh ag ardú.

Rinneamar 1,642 chigireacht neamhfhógartha ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar raon gnólachtaí eile i 231 láthair ar fud na tíre. Ba é an aidhm a bhí leis na cigireachtaí ná a chinntiú gur ceadúnaithe atá na daoine sin a fhostaítear chun seirbhísí slándála a sholáthar agus go gcomhlíonann siad an ceanglas le suaitheantais aitheantais a chaitheamh. Ar na daoine ar thángthas orthu, aimsíodh go raibh 98% díobh ceadúnaithe agus ag caitheamh a suaitheantais aitheantais.

Ar na gníomhartha um chomhlíonadh a fhéadfaimid a dhéanamh in aghaidh sealbhóirí ceadúnais a sháraíonn na rialacháin cheadúnúcháin tá ionchúiseamh, an ceadúnas a chúlghairm nó a fhionraí agus fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint. Sa bhliain 2024, thugamar ceithre ionchúiseamh rathúla os comhair na gcúirteanna. De bhreis air sin, cúlghaireadh a gceadúnas i gcás seacht gconraitheoir agus 35 dhuine aonair agus cuireadh a gceadúnas ar fionraí ar feadh tréimhse i gcás trí chonraitheoir agus seisear daoine aonair. Eisíodh 39 bhfógra forfheidhmiúcháin eile chuig sealbhóirí ceadúnais sa bhliain. I gcás go gcinntear go bhfuil sealbhóir ceadúnais ar tugadh fógra forfheidhmiúcháin dó ag déanamh sárú eile ar na rialacháin cheadúnúcháin, déantar breithniú ar cheadúnas an tsealbhóra sin a chúlghairm nó a fhionraí.

| Gníomh | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| **Comhairle** | 0 | 1 | 1 | 0 |
| **Faichill** | 4 | 1 | 4 | 3 |
| **Rabhadh** | 14 | 16 | 27 | 35 |
| **Iomardú** | 1 | 1 | 0 | 1 |
| **Fionraí** | 10 | 16 | 24 | 9 |
| **Cúlghairm** | 152 | 36 | 29 | 42 |
| **Ionchúiseamh** | 1 | 5 | 2 | 4 |

**Tábla 4: Achoimre ar Ghníomhartha Forfheidhmiúcháin a rinneadh idir an bhliain 2021 agus an bhliain 2024**

Foráiltear le halt 39 de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí do shásra faoina bhféadfaidh duine gearán foirmiúil a dhéanamh in aghaidh sealbhóir ceadúnais. Fuarthas 15 ghearán den sórt sin sa bhliain 2024, mar aon leis na trí cinn a tugadh anonn ón mbliain 2023. I gcúig chás, ní dheachaigh an gearánach ar aghaidh leis an gcás agus, i gcúig chás eile, níor sheas an tÚdarás leis an ngearán. Bhí ocht gcás á bhfiosrú fós ag deireadh na bliana.

Na hionchúisimh ar thionscain an tÚdarás iad, bhí siad in aghaidh cuideachtaí neamhcheadúnaithe a bhí ag obair san earnáil Suiteálaithe Geataí Cumhachtaithe agus san earnáil Maoirseoirí Dorais. Chomh maith leis sin, thionscain an tÚdarás ionchúiseamh rathúil in aghaidh duine aonair neamhcheadúnaithe a bhí ag oibriú san earnáil Maoirseoirí Dorais. Leis na torthaí sin, tugtar teachtaireacht thábhachtach dóibh siúd atá ag smaoineamh ar obair gan ceadúnas ón Údarás Slándála Príobháidí a bheith acu. Le ceadúnú, cosnaítear an pobal trína chinntiú go bhfuil oiliúint curtha ar bhaill foirne slándála agus go bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta orthu. Leanfaimid de dhul sa tóir ar oibritheoirí neamhcheadúnaithe agus de na hoibritheoirí sin a ionchúiseamh.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 3:
## Feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí slándála trí chaighdeáin agus cáilíochtaí a úsáid

Cuid thábhachtach dár sainordú is ea na caighdeáin agus na cáilíochtaí atá le comhlíonadh ag iarratasóirí ar cheadúnais agus ag sealbhóirí ceadúnais a shonrú. Tar éis fhoilsiú an chaighdeáin nua do chonraitheoirí san earnáil gardaí forfheidhmiúcháin, cuireadh forbairt cúrsa nua Scileanna Gardaí Forfheidhmiúcháin i gcrích, agus is ceanglas éigeantach é ar gach duine aonair ar mian leis nó léi seirbhísí a sholáthar san earnáil sin ón 31 Márta 2024 i leith. Is é an toradh a bheidh ar thabhairt isteach an chúrsa atá le cur i gcrích ag daoine aonair sula ndéanfar a gceadúnais reatha a athnuachan ná go gcomhlíonfar an sainordú a tugadh don Údarás Slándála Príobháidí mar thoradh ar an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú), 2021.

Leanadh de dhá chaighdeán nua a fhorbairt le linn na bliana. Bhain ceann amháin le caighdeán nua do Sholáthraithe Taisceadán agus Suiteálaithe Taisceadán agus bhain an ceann eile le caighdeán teicniúil do Shuiteálaithe Geataí Cumhachtaithe. Tá measúnú agus meastóireacht á ndéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas tar éis na gcomhairliúchán poiblí ar na caighdeáin nua sin. Toisc ríthábhachtach taobh thiar de cheadúnú a thabhairt isteach sna hearnálacha is ea rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile le linn chéim na forbartha do chaighdeán nua agus is mór ag an Údarás Slándála Príobháidí an rannpháirtíocht sin.

Reáchtálamar trí fhóram do chomhlachtaí iniúchóireachta agus fóram amháin do sholáthraithe oiliúna a thacaíonn leis an tionscal agus leis an Údarás seirbhísí oiliúna agus deimhniúcháin a sholáthar. Is é an toradh atá ar na cruinnithe sin ná go gcinntítear go dtacaíonn na seirbhísí sin le misean rialála an Údaráis, agus is fóraim iad le haghaidh tuairimí ar nithe ceadúnúcháin a phlé agus a mhalartú. Rinneamar cigireachtaí ar sholáthraithe seirbhíse freisin chun a chinntiú go raibh ár gceanglais oiliúna agus deimhniúcháin á gcomhlíonadh acu.

Fochoiste beag ina raibh comhaltaí ó Bhord an Údaráis agus ó Choiste Feidhmiúcháin an Údaráis Slándála Príobháidí, lean sé de scrúdú a dhéanamh ar thabhairt isteach an cheadúnúcháin do gach duine aonair a sholáthraíonn seirbhísí san Earnáil Slándála Leictreonaí. Táthar ag ceadúnú conraitheoirí san earnáil de réir a chéile ón mbliain 2006 i leith. Tá comhaltas mór ann ar fud na hearnála sin a bhfuil tacair scileanna speisialaithe aige, lena n-áirítear aláraim ionraidh, TCI agus córais rialaithe rochtana, ach gan a bheith teoranta dóibh. Cuireann a lán daoine aonair seirbhísí ar fáil i níos mó ná fo-earnáil amháin den earnáil slándála leictreonaí.

## An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

# Sprioc 4:

## Féachaint ar dhóigheanna ar féidir lenár dtionscal dul chun tairbhe don tsochaí

Cuid ríthábhachtach dá rathúla atá an rialáil is ea caidreamh a dhéanamh lenár sealbhóirí ceadúnais, le geallsealbhóirí tionscail, le cliaint na ngeallsealbhóirí tionscail agus leis an bpobal i gcoitinne. Cé gur leanamar de leas a bhaint as cainéil thraidisiúnta chumarsáide ar fud an raidió agus ar fud nuachtán agus sainirisí ceirde, mhéadaíomar ár ndíriú sa bhliain 2024 ar na meáin shóisialta a úsáid mar phríomh-mhodh chun faisnéis a chur in iúl dár ngeallsealbhóirí agus don phobal. Reáchtálamar ceithre fheachtas dhigiteacha ar leith ar fud Meta, X, LinkedIn agus Google le linn na bliana, agus fheasacht an phobail á múscailt ar an rialáil a dhéantar ar an earnáil Glasadóirí, ar an earnáil Slándála Imeachtaí, ar an earnáil Slándála Dorais agus ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí slándála ceadúnaithe a úsáid.

I measc na gcuspóirí sa Phlean Straitéiseach uainn tá meas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn sa tionscal slándála, agus tacú le conairí gairme do na daoine sin atá ag iarraidh gabháil do ghairm sa tionscal slándála. I mí na Nollag 2024, chuir Amárach Research tús le taighde, ar choimisiúnaigh an tÚdarás Slándála Príobháidí é, ar na bacainní atá ann ar obair sa tionscal slándála. Foilseofar fionnachtana an taighde sa bhliain 2025.

Sa bhliain 2024, leanamar de cheangal a chur ar phearsanra slándála a oibríonn san earnáil Maoirseoirí Dorais, san earnáil Slándála Imeachtaí agus san earnáil Gardaí Slándála tabhairt faoi oiliúint i ngáinneáil ar leanaí a chomhrac.

D’fhoilsíomar cúig eagrán dár ríomhiris dar teideal “PSA Watch”, ina soláthraítear faisnéis don tionscal faoi phríomhimeachtaí, faoin eolas tábhachtach is deireanaí agus faoi fhorbairtí suntasacha tionscail.



# Sprioc 5:

## Na tacaí a theastaíonn chun ár mbaill foirne a fhorbairt agus ár n-eagraíocht a bhreisiú a sholáthar

Sa bhliain 2024, leanamar de thimpeallacht oibre cumaisc don fhoireann a chur chun feidhme, agus muid ag leanúint dár ngealltanais seirbhíse a chomhlíonadh ag an am céanna. Ní bheifí in ann é sin a dhéanamh gan tiomantas agus gairmiúlacht ár bhfoirne, a bhfuil a rannchuidiú ina chuid ríthábhachtach dár ngnó. Leanamar de thacú le forbairt ár bhfoirne trí rochtain a thabhairt ar chláir oiliúna agus folláine ar gach leibhéal. Leanamar freisin d'infheistiú sa timpeallacht oifige agus i dtacaí do bhaill foirne atá ag obair go cianda.

Le linn na bliana, leanamar d'obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt chun córas digiteach nua TF a chur chun feidhme lena chur in ionad na gcóras atá i bhfeidhm ó tosaíodh gníomhaíochtaí ceadúnúcháin den chéad uair sa bhliain 2006 i leith. Cé gur leag an tionscadal sin éileamh ar ár n-acmhainní le linn na céime forbartha, d'fhéadfadh sé bunathrú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaimid gnó sna blianta atá le teacht.

Ag deireadh na bliana, b'ionann ár líon foirne agus 58 mball foirne. Ba mhéadú de bhall foirne amháin é sin i gcomparáid leis an mbliain 2023.

### Cosaint Sonraí

Dhéileáil ár nOifigeach Cosanta Sonraí le cúig iarraidh ar rochtain d'ábhair sonraí agus le seacht sárú sonraí íseal-leibhéil sa bhliain 2024. Ina theannta sin, fuaireamar 14 iarraidh ar fhaisnéis faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena húsáid chun "cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú nó ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh".

### Nochtadh Cosanta

Tá Príomhfheidhmeannach an Údaráis forordaithe mar fhaighteoir nochtaí cosanta i ndáil leis na nithe uile a bhaineann le seirbhísí slándála príobháidí a cheadúnú agus a rialáil faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Ba é an toradh a bhí ar nochtadh cosanta seachtrach amháin a fuair an Príomhfheidhmeannach sa bhliain 2024 ná gur tosaíodh imscrúdú ina leith, a bhí ar siúl fós ag deireadh na bliana. Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach le linn na bliana.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an tÚdarás tiomanta dá oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. Cheapamar ball dár bhfoireann ardbhainistíochta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí faoin Acht. Áirítear leis an tiomantas atá againn freagra sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í a thabhairt ar gach cumarsáid i scríbhinn, príomhfhoilseacháin a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla ag an aon am amháin, agus na ceanglais a bhaineann le fógraíocht agus caiteachas ar fhógraíocht a chomhlíonadh.

### Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Sa bhliain 2024, ghlac an tÚdarás Slándála Príobháidí páirt sa chlár "Sign up for ISL" de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun úsáid Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a spreagadh, rud a chuir ar ár gcumas cumarsáid a dhéanamh le daoine den phobal Bodhar a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.



# Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Clár Ábhar


Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 25
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 31
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 34
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 36
Ráiteas faoin Staid Airgeadais 37
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid 38
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 39

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Cuireadh Bord an Údaráis Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Ceapadh an Bord reatha i mí an Mhárta 2022 ar feadh téarma ceithre bliana. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 de na hAchtanna.

Tá an Bord cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus bhí Comhaontú Formhaoirseachta don tréimhse 2023 go 2025 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta don bhliain 2023 i bhfeidhm aige leis an Roinn Dlí agus Cirt. Sna comhaontuithe sin, sainítear an caidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn agus leagtar amach na spriocanna agus na cuspóirí comhaontaithe don bhliain.

Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. D'fhoilsigh an Bord an Plean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2023 - 2025 i mí Eanáir 2023. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Tá na comhaltaí Boird tiomanta dá chinntiú go ngníomhóidh siad de réir an dea-chleachtais rialachais. I dteannta an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ní mór do na comhaltaí Boird cloí leis na nithe seo a leanas freisin;

- Treoirlínte Rialachais Ginearálta,
- An Cód Iompair Gnó,
- Eitic in Oifigí Poiblí,
- An Beartas um Nochtadh Cosanta,
- Comhlíonadh na bhforálacha neamhnochta de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2021.

Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna ar chlár oibre na gcruinnithe Boird:

- Dearbhú Leasanna,
- Miontuairiscí cruinnithe,
- Tuarascálacha coiste,
- Tuarascálacha airgeadais/Cuntais bhainistíochta,
- An Clár Rioscaí,
- An Plean Gnó Bliantúil agus an t-eolas is deireanaí ar an bPlean Straitéiseach.

Ag cruinnithe Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí go rialta ar nithe oibriúcháin, ar chur chun feidhme bheartas an Bhoird, ar nithe buiséadacha agus ar aon saincheisteanna ábhartha eile.

Ceanglaítear le halt 4 de Sceideal 1 a ghabhann leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí ar an bPríomhfheidhmeannach, faoi stiúir ag an mBord, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith. Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus, le linn dó déanamh amhlaidh, ní mór don Bhord:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar é sin ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird gach bliain.

Cuireadh Meastóireacht sheachtrach Boird ar Fheidhmíocht i gcrích sa bhliain 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird í ag a chruinniú i mí na Samhna 2024.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go léirítear go cuí i ráitis airgeadais an Údaráis feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag an 31 Nollaig 2024.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus de dheichniúr gnáthchomhaltaí, ar cheap an tAire Dlí agus Cirt gach duine díobh. Cheap an tAire an Bord an 25 Márta 2022, agus comhaltaí fillte den Bhord a bheith á gceapadh ar théarma dhá bhliain agus comhaltaí nua den Bhord a bheith á gceapadh ar théarma ceithre bliana. Mionsonraítear sa tábla thíos an tréimhse ceapacháin le haghaidh na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin | Dáta an Athcheapacháin |
|---|---|---|---|
| **Jillian van Turnhout** | Cathaoirleach (a ceapadh mar Chathaoirleach an 25/04/2024) | 25/03/2022 | |
| **Una Doyle** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt | 25/03/2022 | |
| **Aiden Harper** | Ionadaí d'Fhostóirí | 25/04/2024 | |
| **Mark Griffin** | Ionadaí d'Fhostóirí | 25/03/2022 | |
| **Brian Nolan** | Ionadaí d'Fhostaithe | 25/10/2023 | 25/04/2024 |
| **Ed Kenny** | Ionadaí d'Fhostaithe | 25/03/2022 | |
| **David McGuinness** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí | 25/03/2022 | |
| **An Coimisinéir Cúnta Paula Hilman** | Ionadaí don Gharda Síochána | 07/03/2023 | |
| **Aideen Neylon** | Ionadaí Dlíthiúil | 25/03/2022 | |
| **Joanne Morrissey** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna | 25/04/2024 | |
| **Patricia McMahon** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe | 25/04/2024 | |
| **Richard O'Farrell (ar tháinig a théarma in éag i mí an Mhárta 2024)** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe | | |
| **Alan Durnan (ar tháinig a théarma in éag i mí an Mhárta 2024)** | Ionadaí d'Fhostóirí | | |
| **David Smith (ar tháinig a théarma in éag i mí an Mhárta 2024)** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna | | |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2024 agus, ar dhá ócáid, bhuail sé le Bainisteoir Iniúchóireachta ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (gan Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith i láthair).

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord ag gach cruinniú.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tháinig an Bord le chéile sé huaire sa bhliain 2024. Is leagtha amach thíos atá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, mar aon le mionsonraí faoi na táillí agus na speansais a íocadh:

| An Líon Cruinnithe | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Táillí € | Speansais € |
|---|---|---|---|---|
| Jillian van Turnhout | 6 | 5 | 10,901 | |
| Ed Kenny* | 5 | - | 7,695 | |
| Mark Griffin | 6 | - | 7,695 | |
| Aideen Neylon | 6 | 5 | 7,695 | 81 |
| Aiden Harper | 2 | 2 | 5,771 | |
| Patricia McMahon | 4 | 3 | 5,771 | 248 |
| Lawrence Byrne** | - | 7 | 1,697 | |
| Joanne Morrissey*** | 3 | - | - | |
| Una Doyle*** | 6 | 8 | - | |
| An Coimisinéir Cúnta Paula Hilman*** | 3 | - | - | |
| David McGuinness*** | 6 | - | - | |
| Brian Nolan**** | 5 | - | - | |
| David Smith*** | 0 | - | - | |
| Richard O'Farrell | 1 | - | 2,993 | |
| Alan Durnan | 1 | 0 | 1,924 | |
| Iomlán | | | 52,142 | 328 |

* Íocadh táille an Uas. Kenny go díreach lena fhostóirí.

** I mí an Mhárta 2022, ceapadh an tUas. Lawrence Byrne mar Chomhalta Neamhspleách chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

*** Ní fhaigheann Seirbhísigh Phoiblí a cheaptar chuig an mBord aon táillí de réir an phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

**** Ní bhfuair an tUas. Brian Nolan aon táillí sa bhliain 2024.

## Athruithe Príomhphearsanra

D'éirigh triúr comhaltaí den Bhord as sa bhliain 2024 (Richard O'Farrell, Alan Durnan agus David Smith). De réir na nAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 go 2021, rinne an tAire triúr comhaltaí nua (Joanne Morrissey, Aiden Harper agus Patricia McMahon) a cheapadh agus comhalta amháin (Brian Nolan) a athcheapadh.

D'éirigh an tUas. Paul Scallan, an Príomhfheidhmeannach, as an 5 Meán Fómhair 2024. Ceapadh an tUas. John Phelan mar Phríomhfheidhmeannach le héifeacht ón 6 Meán Fómhair 2024.

**An nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód.

## Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad**

| Raon na Sochar Iomlán Fostaithe | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2024** | **2023** |
| €60,000 | – | €69,999 | 14 | 14 |
| €70,000 | – | €79,999 | 4 | 1 |
| €80,000 | – | €89,999 | 3 | 3 |
| €90,000 | – | €99,999 | 2 | 1 |
| €100,000 | – | €110,000 | - | - |
| €110,000 | – | €120,000 | - | 1 |

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais Chomhairleachta** | | |
| - Seirbhísí comhairleachta | 124,278 | 138,701 |
| **Caidreamh poiblí/margaíocht** | | |
| - Caidreamh poiblí/margaíocht | 197,755 | 245,930 |
| **Costais Ghinearálta Eile** | | |
| - Costais Ilghnéitheacha Eile | 78,281 | 66,373 |
| **Costais Dlí** | | |
| - Táillí dlí | 19,332 | 25,923 |
| - Comhairle dlí | 3,629 | 14,133 |

| | | |
|---|---|---|
| **Fáilteachas** | | |
| - Fáilteachas | 7,238 | 3,264 |
| **Caiteachas Taistil agus Cothaithe** | | |
| - Taisteal Intíre Comhaltaí Boird | 328 | 2,302 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Comhaltaí Boird | Nialas | Nialas |
| - Taisteal Intíre Fostaithe | 153,576 | 134,532 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Fostaithe | 5,913 | 6,452 |
| **Tuarastal/Taisteal agus Cothú an Phríomhfheidhmeannaigh** | | |
| - Tuarastal (Nóta 15) | 123,977 | 119,167 |
| - Taisteal/Cothú | 7,981 | 8,930 |

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina iomláine sa bhliain 2024.



An tUas. John Phelan
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26 Bealtaine 2025



Jillian van Turnhout Uas.
Cathaoirleach

Dáta: 26 Bealtaine 2025

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) agus de réir cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an "Cód"), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mBord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis.

## Bainistíocht Riosca

Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2024. Bhí sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord (a raibh duine amháin díobh ar an gCathaoirleach) agus de chomhalta Neamhspleách amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais. Ag teacht sna sála ar chomhalta amháin den Choiste do bheith á cheapadh mar Chathaoirleach ar Bhord an Údaráis, ceapadh comhalta nua den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcruinniú Boird an 27 Bealtaine 2024. Ag an gcruinniú sin freisin, cheadaigh an Bord ceapachán comhalta nua den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le héifeacht ón 11 Iúil chun teacht in ionad comhalta den Choiste ar tháinig a théarma ar an mBord in éag. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí.

Soláthraíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Athbhreithnítear tuarascáil bainistíochta riosca ag gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus de Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. Forbraíodh Ráiteas faoi Fhonn Riosca sa bhliain 2020, rud lenar cabhraíodh leis na bearta rialaithe atá i bhfeidhm cheana féin a neartú. D'athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca é sin agus cheadaigh an Bord é ag a chruinniú Boird an 25 Samhain 2024.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus a athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnuithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- leithscaradh cuí dualgas,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bainistíochta. Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag gach cruinniú Boird agus tríd an gClár Rioscaí. De bhreis air sin, tá foireann iniúchóireachta ag an bPríomhfheidhmeannach. Déanann an fhoireann sin seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Soláthar

Sa bhliain 2024, chomhlíon an tÚdarás na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar agus chloígh sé le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt i dtaca le sonraisc a íoc, cé is moite de chás amháin atá leagtha amach thíos. I gcás amháin, tugadh fógra d'Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt faoi shíntí conartha ar aon dul le Treoirlínte Soláthair Phoiblí Chiorclán 40/02 agus de réir na gceanglas tuairiscithe maidir le soláthairtí neamhiomaíocha os cionn €25k. Síneadh an conradh dar luach €216,988 sa bhliain 2024 idir an tÚdarás Slándála Príobháidí agus Credit Card Systems Limited le haghaidh Próiseáil Foirmeacha Iarratais, Táirgeadh agus Dáileadh Ceadúnas agus Seirbhísí Cárta Aitheantais a Sholáthar trí chomhaontú idir na páirtithe chun próiseas tairisceana nua a éascú. Foilsíodh tairiscint le haghaidh na seirbhíse an 22 Eanáir 2025.

## Obair Chumaisc

Ba é an toradh a bhí leanúint le timpeallacht Oibre Cumaisc ná gur coinníodh i bhfeidhm na hathruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe a tugadh isteach sa bhliain 2020 le linn phaindéim Covid-19. Is féidir linn a dheimhniú gurb éifeachtach go fóill atá na rialuithe a bhí ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19 agus Obair Chumaisc araon.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2024 a chur i gcrích an 20 Márta 2025 agus cheadaigh Bord an Údaráis é an 7 Aibreán 2025.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2024 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.



An tUas. John Phelan
Príomhfheidhmeannach — Dáta: 26 Bealtaine 2025



Jillian van Turnhout Uas.
Cathaoirleach — Dáta: 26 Bealtaine 2025

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás Slándála Príobháidí

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Slándála Príobháidí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Sceideal 1(4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse,

- cuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais an t-airgead a fuair agus a chaith an tÚdarás Slándála Príobháidí don bhliain 2024 agus
- tá an staid airgeadais ag an 31 Nollaig 2024 ag teacht leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis airgeadais.

### *Bonn na tuairime*


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás Slándála Príobháidí agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Slándála Príobháidí faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



**Georgina O Mahony**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**6 Meitheamh 2025**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis amach sa ráiteas rialachais. Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Sceideal 1(4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004.
- a chinntiú go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais an t-airgead a fuarthas agus a caitheadh don bhliain 2024 agus go bhfuil a staid airgeadais ag an 31 Nollaig 2024 ag teacht leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis airgeadais
- a mheasúnú cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Sceideal 1(4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004, ráitis airgeadais an Údaráis Slándála Príobháidí a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás Slándála Príobháidí leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an tÚdarás Slándála Príobháidí de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu plé le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go dtagaim ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe iontu nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú iontu.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | 4,596,485 | 4,280,359 |
| Táillí Ceadúnais | 3 | 3,321,609 | 3,229,851 |
| An Chigireacht | 16 | - | 2,760 |
| | | 7,918,094 | 7,512,970 |
| Aistriú ón/(chuig an) | | | |
| gCuntas Caipitil | 9 | 17,874 | 19,403 |
| | | 7,935,968 | 7,532,373 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais Foirne | 4 | 3,547,888 | 3,164,010 |
| Riarachán | 5 | 1,204,999 | 1,081,686 |
| Caiteachas Iomlán | | 4,752,887 | 4,245,696 |
| Barrachas don bhliain roimh mhéideanna a cuireadh ar aghaidh | | 3,183,081 | 3,286,677 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt | 3 | (3,183,000) | (3,288,760) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | 81 | (2,083) |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh** | | 138,292 | 140,375 |
| **Barrachas ag an 31 Nollaig** | | 138,373 | 138,292 |

**Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa bhliain. Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo**

An tUas. John Phelan
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26 Bealtaine 2025

Jillian van Turnhout Uas.
Cathaoirleach

Dáta: 26 Bealtaine 2025

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **6** | | 758 | | 18,632 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Méideanna Infhaighte | **7** | 18,435 | | 67,426 | |
| Banc agus airgead | | 206,786 | | 76,664 | |
| Fardal | | 3,268 | | 10,864 | |
| | | | 228,489 | | 154,954 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Méideanna Iníoctha | **8** | | 90,116 | | 16,662 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | | 138,373 | | 138,292 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | 139,131 | | 156,924 |
| **INA LÉIRIÚ ORTHU SEO** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | **9** | | 758 | | 18,632 |
| Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithe | | | 138,373 | | 138,292 |
| | | | 139,131 | | 156,924 |

**Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo**

An tUas. John Phelan
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26 Bealtaine 2025

Jillian van Turnhout Uas.
Cathaoirleach

Dáta: 26 Bealtaine 2025

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain | 81 | (2,083) |
| Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe | 17,874 | 19,403 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | (17,874) | (19,403) |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhardal | 7,596 | (139) |
| (Méadú)/Laghdú i Méideanna Infhaighte | 48,991 | (54,571) |
| Méadú/(Laghdú) i Méideanna Iníoctha | 73,454 | - |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 130,122 | (56,793) |
| **Méadú/(Laghdú) in airgead agus i gcoibhéisí airgid** | 130,122 | (56,793) |

# Ráiteas faoi Athruithe i nGlanchistí

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glanchistí ag an 1 Eanáir | 76,664 | 133,457 |
| Glanchistí ag an 31 Nollaig | 206,786 | 76,664 |
| Méadú/(Laghdú) in Airgead Tirim | 130,122 | (56,793) |

**Tá nótaí 1 go 18 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo**

An tUas. John Phelan
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26 Bealtaine 2024

Jillian van Turnhout Uas.
Cathaoirleach

Dáta: 26 Bealtaine 2024

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

## 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**A. Faisnéis Ghinearálta**

Cuireadh an tÚdarás Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Tá a cheannoifig lonnaithe i mBaile Thiobraid Árann. Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Slándála Príobháidí.

**B. Bunús Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Slándála Príobháidí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin sna cásanna atá sonraithe thíos, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm arna ceadú ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**C. Táillí Ceadúnais**

Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam sa tréimhse ina bhfaightear iad. Déantar na táillí a bhailítear a chur ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt ar bhonn míosúil. Ní aithnítear dliteanas i leith aon táillí a fhaightear sa mhí dheireanach den bhliain chuntasaíochta agus a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn an bhliain ina dhiaidh sin.

**D. Deontais ón Oireachtas**

Taifeadtar deontais ón Oireachtas ar bhonn airgid a fhaightear. Is é atá i ndeontais ón Oireachtas ná cistí a thugtar don Údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, áit a n-íocann an Roinn costais tuarastail agus riaracháin go díreach. Déantar deontais a fhaightear chun críocha caipitil a aistriú chuig an gcuntas caipitil iarchurtha agus amúchtar iad ar aon dul le dímheas sócmhainní gaolmhara.

**E. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas**

Léirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais, nó de réir margadhluach measta, lúide dímheas carntha. Déantar sócmhainní seasta a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an mhí ina gcuirtear an tsócmhainn lena mbaineann i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán & feistis | 10% |
| Trealamh TF | 20% |
| Córas athnuachana ar líne | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |

Ghlac an tÚdarás Slándála Príobháidí beartas na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Bainistíocht Sócmhainní Seasta, rud ina mionsonraítear na príomhcheanglais chun a chinntiú go mbíonn rialuithe cuí i bhfeidhm ag an Údarás Slándála Príobháidí le haghaidh sócmhainní a bhfuil sé freagracht astu a bhainistiú.

**F. Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta**
Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin.

**G. Gnóthas Leantach**
Tháinig an tÚdarás Slándála Príobháidí ar an gconclúid nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Údaráis chun a dhliteanais a íoc de réir mar a thagann siad dlite agus chun leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Mar gheall ar an tacaíocht leantach a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt trí chistiú deontais, tá ionchas réasúnach ag an mBord go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Údarás Slándála Príobháidí go ceann i bhfad. Ar an mbonn sin, measann an Bord go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an tÚdarás in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## 2. Deontas ón Oireachtas

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Fo-mhírcheann A19 de Vóta 24** – Dlí agus Ceart - le haghaidh pá agus costais riaracháin ghinearálta | 4,596,485 | 4,280,359 |

## 3. Táillí Ceadúnais

Tá an timthriall ceadúnúcháin ina thimthriall dhá bhliain do chonraitheoirí agus ina thimthriall trí bliana do dhaoine aonair. Bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag conraitheoirí le hathnuachan i mbliain 1 agus bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag daoine aonair le hathnuachan i mbliain 2 den timthriall 3 bliana. Cé gurb airde an líon iarratas a fhaightear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí, is ísle an t-ioncam táillí ceadúnais a ghnóthaítear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí. Dá bhrí sin, bíonn ioncam táillí an Údaráis ag luainiú ar aon dul leis an timthriall ceadúnúcháin.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt** | € | € |
| Táillí ceadúnais a fuarthas sa tréimhse roimhe a bhí le cur ar aghaidh i dtús na bliana | 82,696 | 139,511 |
| Muirir bhainc sa bhliain | (8,741) | (666) |
| Ioncam táillí ceadúnais sa bhliain | 3,321,609 | 3,229,851 |
| Ioncam Cigireachta | - | 2,760 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt | (3,183,000) | (3,288,760) |
| Méid a bhí le cur ar aghaidh ag deireadh na bliana | 212,564 | 82,696 |

## 4. Costais Foirne

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail agus pá | 3,388,071 | 3,020,724 |
| Taisteal agus cothú – náisiúnta | 153,904 | 136,834 |
| Taisteal agus cothú – idirnáisiúnta | 5,913 | 6,452 |
| | 3,547,888 | 3,164,010 |

Bhí **58** mball foirne fostaithe ag an Údarás ag an 31 Nollaig 2024 (2023: 57).

## 5. Riarachán

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí comhairleachta | 124,278 | 138,701 |
| Comhairle dlí | 3,629 | 14,133 |
| Táille iniúchóireachta | 15,950 | 12,700 |
| Táille cuntasaíochta | 5,289 | 5,289 |
| Caidreamh Poiblí / Margaíocht | 197,755 | 201,703 |
| Eile | 78,281 | 66,373 |
| | | |
| **Ginearálta** | | |
| Speansais oifige | 86,307 | 62,568 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | 52,142 | 57,913 |
| Costais chumarsáide | 236,819 | 161,827 |
| Costais cheadúnúcháin | 131,242 | 116,198 |
| Dímheas | 17,874 | 19,403 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 5,783 | 5,848 |
| Costais eile TF | 223,080 | 189,843 |
| | | |
| **Costais Dlí** | | |
| Táillí dlí | 19,332 | 25,923 |
| | | |
| **Fáilteachas** | | |
| Fáilteachas | 7,238 | 3,264 |
| | - | - |
| | 1,204,999 | 1,081,686 |

## 6. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TF | Córas Athnuachana ar Líne | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **COSTAS** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 509,347 | 392,905 | 24,282 | 926,534 |
| Breiseanna | - | - | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| **Ag an 31 Nollaig** | **509,347** | **392,905** | **24,282** | **926,534** |
| **DÍMHEAS CARNTHA** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 507,262 | 377,071 | 23,569 | 907,902 |
| Muirear don bhliain | 1,327 | 15,834 | 713 | 17,874 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| **Ag an 31 Nollaig** | **508,589** | **392,905** | **24,282** | **925,776** |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig** | **758** | **-** | **-** | **758** |
| **Ag an 1 Eanáir** | **2,085** | **15,834** | **713** | **18,632** |

## 7. Méideanna Infhaighte agus Réamhíocaíochtaí

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Réamhíocaíochtaí** | | |
| Mionoibreacha | 9,080 | |
| Na Meáin | - | 44,227 |
| Teileafón | 6,275 | 12,884 |
| Síntiúis | 1,530 | 6,497 |
| Eile | 1,550 | 3,818 |
| | 18,435 | 67,426 |

## 8. Méideanna Iníoctha

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táille iniúchóireachta | 14,000 | 12,050 |
| Táille cuntasaíochta | 4,612 | 4,612 |

| | | |
|---|---|---|
| Pá Saoire | 70,133 | - |
| Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh | 1,371 | - |
| | 90,116 | 16,662 |

## 9. Cuntas Caipitil

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | | 18,632 | | 38,035 |
| Breiseanna | 0 | | 0 | |
| Amúchadh | (17,874) | | (19,403) | |
| Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | | (17,874) | | (19,403) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | 758 | | 18,632 |

## 10. Costais Sochair Scoir

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt. Íocfar costais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus ní dhearnadh soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

## 11. An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach

Cuireadh an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach ar bun chun achomhairc in aghaidh breitheanna ón Údarás a éisteacht agus a chinneadh. Cuimsíonn an Bord Achomhairc Cathaoirleach agus ceathrar comhaltaí. Is é an Rialtas a cheapann an Bord Achomhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a íocann na costais a thabhaíonn an Bord.

## 12. Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais, de réir alt 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus coinnítear iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin. B'ionann é sin agus €108,140 sa bhliain 2024 (2023: €98,818).

## 13. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus ag fostaithe. Tá treoir maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird ar áireamh sna nósanna imeachta sin agus chloígh an Bord leo le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí iontu.

## 14. Nóta maidir le Cóiríocht

Oibríonn an tÚdarás amach as cóiríocht atá suite ar Shráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an chóiríocht sin ar fáil saor in aisce.

## 15. Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba mar a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don tréimhse airgeadais:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh - an tUas. Paul Scallan (a d'éirigh as an 5 Meán Fómhair 2024) | 87,844 | 119,167 |
| Speansais an Phríomhfheidhmeannaigh - Paul Scallan | 5,640 | 8,930 |
| Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh - an tUas. John Phelan (a ceapadh an 6 Meán Fómhair 2024) | 36,133 | - |
| Speansais an Phríomhfheidhmeannaigh - John Phelan | 2,341 | - |

Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht sa bhliain 2024.

## 16. Táillí Cigireachta

Is é atá i dtáillí Cigireachta ná fíneálacha a ghearrtar i leith neamhchomhlíonadh na rialachán ón Údarás. B'ionann iad agus €0 sa bhliain 2024 (2023: €2,760). Taifeadtar táillí Cigireachta in ioncam táillí ceadúnais.

## 17. Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe

Níl aon teagmhais ann idir an dáta tuairiscithe agus dáta cheadú na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint a n-éilítear coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

## 18. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na cuntais seo an 26 Bealtaine 2025.



# Aguisíní

## Aguisín 1 – An Dualgas Earnála Poiblí

Ceanglaítear leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ar chomhlacht poiblí na nithe seo a leanas a dhéanamh, ag féachaint dá fheidhmeanna, dá chríoch agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó:

**Measúnacht a dhéanamh** – measúnacht a leagan amach sa Phlean Straitéiseach uaidh ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna agus críoch an chomhlachta;

**Aghaidh a thabhairt** – a leagan amach sa Phlean Straitéiseach uaidh cé na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

**Tuairisciú a dhéanamh** – tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach aige sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh.

Leag an tÚdarás Slándála Príobháidí na cuspóirí seo a leanas amach sa Phlean Straitéiseach 2023-2025 uaidh. Agus aird á tabhairt ar ár gcuid feidhmeanna, cuspóra agus acmhainní, comhlíonann siad ceanglais alt 42 d'Acht 2014:

- Obair i gcomhar lenár dtionscal chun féachaint ar dhóigheanna ar féidir tacú le rannpháirtíocht na mban san earnáil slándála.
- Meas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn sa tionscal slándála.

Chun ár gcuspóirí a bhaint amach, tá sé de rún againn fóram trastionscail a bhunú chun sainaithint a dhéanamh ar dhóigheanna ar féidir tacú le rannpháirtíocht na mban sa tionscal slándála, agus chuireamar tús le taighde chun sainaithint a dhéanamh ar na bacainní atá ann ar obair sa tionscal slándála, agus é mar sprioc againn éagsúlacht agus cuimsiú a mhéadú ar fud an tionscail. Críochnófar an obair taighde an bhliain seo chugainn. Tabharfaimid tuairisc ar an dul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil uainn agus foilseoimid mionsonraí faoinár gcuid oibre sna réimsí sin ar ár suíomh Gréasáin.

Táimid tiomanta do ghabháil go gníomhach do shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine d'úsáideoirí seirbhíse agus do bhaill foirne. Is é an sprioc atá againn feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do shealbhóirí ceadúnais agus a chinntiú go mbímid ag caitheamh go cothrom neamhchlaon le daoine d'fhonn cur le luachanna na dínite, an neamh-idirdhealaithe, an chuimsithe agus an chleachtais chóir san Údarás.

De réir alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, d'fhoilsíomar an Measúnú ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine uainn i mí na Bealtaine 2024. Leagtar amach sa Mheasúnú na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas atá ábhartha d'fheidhmeanna agus beartais an Údaráis Slándála Príobháidí agus dá fhoireann.

Chun cabhrú le cur chun feidhme sa bhliain 2024, leabaíomar an Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine laistigh dár gcultúr eagraíochtúil. Chuir gach duine de na baill foirne a bhí nua agus a bhí ann cheana san Údarás modúl ríomhfhoghlama dar teideal "Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí" i gcrích trí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Choimisiúnaigh an Coimisiún an modúl sin chun seirbhísigh phoiblí a chumasú iniúchadh a dhéanamh ar an mbrí atá leis an gcomhionannas, le cearta an duine agus leis an Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus ar an luach a bhaineann leo, ina ngnáthobair laethúil. Cuirimid díriú ar an Dualgas agus ar ár n-uaillmhianta don Dualgas ar áireamh san oiliúint ionduchtúcháin ar fad do bhaill foirne nua freisin.

Mar chuid dár dtiomantas don Dualgas Earnála Poiblí, leanamar de cheangal a chur ar phearsanra slándála atá ceadúnaithe in Éirinn tabhairt faoi oiliúint feasachta ar gháinneáil ar dhaoine. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 i leith, tá an oiliúint ar dhear MECPATHS í ina ceanglas ar gach duine atá ag iarraidh ceadúnas a fháil ón Údarás chun obair san earnáil

Maoirseoirí Dorais, san earnáil Slándála Imeachtaí agus san earnáil Gardaí Slándála. Faoi dheireadh na bliana 2024, bhí an oiliúint déanta ag 20,000 duine aonair, beagnach.

Is gné ríthábhachtach den Dualgas a chur chun feidhme go héifeachtach í ceannaireacht. Ar fud na bliana 2024, tugadh an t-eolas is deireanaí ar chur chun feidhme an Dualgais go tráthrialta don Bhord agus don Roinn Dlí agus Cirt.

## Aguisín 2 – Tuarascálacha Staidrimh

**Tuarascáil 1 - An Líon Ceadúnas Daoine Aonair arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2024 de réir Contae**

| Contae | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | Airgead Tirim faoi Bhealach | Faireachán | Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 112 | 287 | 5 | 84 | 2 | **490** |
| An Cabhán | 121 | 338 | 4 | 21 | 2 | **486** |
| An Clár | 217 | 475 | 20 | 1 | 9 | **722** |
| Corcaigh | 1,260 | 2,603 | 7 | 48 | 17 | **3,935** |
| Dún na nGall | 336 | 439 | 3 | 1 | 2 | **781** |
| Baile Átha Cliath | 4,427 | 17,926 | 595 | 126 | 60 | **23,134** |
| Gaillimh | 688 | 1,154 | 5 | 14 | 9 | **1,870** |
| Ciarraí | 465 | 625 | 3 | 0 | 6 | **1,099** |
| Cill Dara | 526 | 1,585 | 52 | 42 | 20 | **2,225** |
| Cill Chainnigh | 130 | 248 | 1 | 8 | 2 | **389** |
| Laois | 225 | 571 | 11 | 11 | 10 | **828** |
| Liatroim | 85 | 106 | 2 | 5 | 1 | **199** |
| Luimneach | 508 | 1,373 | 82 | 19 | 9 | **1,991** |
| An Longfort | 140 | 303 | 4 | 3 | 1 | **451** |
| Lú | 438 | 1,189 | 10 | 1 | 4 | **1,642** |
| Maigh Eo | 284 | 416 | 3 | 1 | 5 | **709** |
| An Mhí | 403 | 1,155 | 46 | 10 | 9 | **1,623** |
| Muineachán | 124 | 207 | 0 | 0 | 1 | **332** |
| Uíbh Fhailí | 195 | 377 | 7 | 4 | 5 | **588** |
| Ros Comáin | 137 | 245 | 5 | 0 | 10 | **397** |
| Sligeach | 188 | 305 | 36 | 0 | 5 | **534** |
| Tiobraid Árann | 273 | 638 | 22 | 20 | 9 | **962** |
| Port Láirge | 278 | 782 | 31 | 5 | 6 | **1,102** |
| An Iarmhí | 310 | 675 | 3 | 2 | 12 | **1,002** |
| Loch Garman | 273 | 582 | 6 | 16 | 11 | **888** |
| Cill Mhantáin | 244 | 789 | 22 | 33 | 7 | **1,095** |
| Tuaisceart Éireann | 429 | 139 | 14 | 114 | 11 | **707** |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 77 | 47 | 0 | 289 | 6 | **419** |
| Eile | 2 | 4 | 0 | 27 | 0 | **33** |
| Iomlán | **12,895** | **35,583** | **999** | **905** | **251** | **50,633** |
| % den Iomlán | **25.46%** | **70.28%** | **1.97%** | **1.79%** | **0.50%** | **100.00%** |

## Aguisín 3 – Tuarascálacha Staidrimh

**Tuarascáil 2 - An Líon Ceadúnas Conraitheoirí arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2024 de réir Contae**

| Contae | MD(SI) | MD(ÁC) | G | IP | GF | GS(FA) | GS(FTCI) | GS(SI) | GS(S) | S(SL) | ATB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 16 | 0 | **24** |
| **An Cabhán** | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 3 | 21 | 0 | **31** |
| **An Clár** | 0 | 0 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 20 | 0 | **26** |
| **Corcaigh** | 4 | 4 | 17 | 4 | 0 | 4 | 4 | 4 | 12 | 93 | 0 | **146** |
| **Dún na nGall** | 0 | 0 | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 12 | 0 | **20** |
| **Baile Átha Cliath** | 18 | 21 | 70 | 37 | 3 | 7 | 6 | 21 | 81 | 254 | 3 | **521** |
| **Gaillimh** | 1 | 2 | 11 | 2 | 0 | 1 | 1 | 2 | 4 | 46 | 0 | **70** |
| **Ciarraí** | 0 | 0 | 7 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 31 | 0 | **46** |
| **Cill Dara** | 3 | 2 | 12 | 6 | 0 | 2 | 2 | 3 | 9 | 55 | 0 | **94** |
| **Cill Chainnigh** | 1 | 1 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 | 18 | 0 | **30** |
| **Laois** | 1 | 1 | 2 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | 14 | 0 | **23** |
| **Liatroim** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 7 | 0 | **8** |
| **Luimneach** | 0 | 0 | 4 | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 | 4 | 38 | 0 | **50** |
| **An Longfort** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 10 | 0 | **11** |
| **Lú** | 1 | 2 | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 9 | 30 | 0 | **49** |
| **Maigh Eo** | 0 | 0 | 4 | 3 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 15 | 0 | **23** |
| **An Mhí** | 0 | 1 | 11 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 48 | 0 | **68** |
| **Muineachán** | 0 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 15 | 0 | **20** |
| **Uíbh Fhailí** | 0 | 0 | 5 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 14 | 0 | **20** |
| **Ros Comáin** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 11 | 0 | **12** |
| **Sligeach** | 0 | 1 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 8 | 0 | **16** |
| **Tiobraid Árann** | 1 | 1 | 3 | 3 | 0 | 1 | 1 | 1 | 7 | 31 | 0 | **49** |
| **Port Láirge** | 0 | 0 | 6 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 13 | 1 | **27** |
| **An Iarmhí** | 0 | 0 | 3 | 3 | 0 | 0 | 0 | 2 | 5 | 18 | 0 | **31** |
| **Loch Garman** | 2 | 2 | 7 | 1 | 1 | 1 | 1 | 3 | 5 | 30 | 0 | **53** |
| **Cill Mhantáin** | 0 | 1 | 5 | 4 | 0 | 1 | 1 | 0 | 5 | 45 | 0 | **62** |
| **Tuaisceart Éireann** | 2 | 2 | 6 | 3 | 0 | 6 | 6 | 3 | 4 | 45 | 0 | **77** |
| **An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh)** | 2 | 0 | 0 | 4 | 0 | 10 | 8 | 2 | 2 | 13 | 0 | **41** |
| **Eile** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | **3** |
| **Iomlán** | **37** | **43** | **203** | **87** | **4** | **37** | **34** | **47** | **183** | **972** | **4** | **1,651** |
| **% den Iomlán** | **2.24%** | **2.61%** | **12.30%** | **5.27%** | **0.24%** | **2.24%** | **2.06%** | **2.85%** | **11.08%** | **58.87%** | **0.24%** | **100%** |

**Eochair**

MD(SI) – Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí)
MD(ÁC) – Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)
G – Glasadóir
IP – Imscrúdaitheoir Príobháideach
GF – Garda Forfheidhmiúcháin
GS(FA) – Garda Slándála (Faireachán ar Aláraim)
GS(FTCI) – Garda Slándála (Faireachán ar TCI)
GS(SI) – Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GS(S) – Garda Slándála (Socair)
S(SL) – Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
ATB – Airgead Tirim faoi Bhealach

# Aguisín 4 – Tuarascáil Fuinnimh agus an Dul Chun Cinn a Rinneadh ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide uainn

Is iad ola teasa agus leictreachas ár bpríomhfhoinsí úsáide fuinnimh go fóill. Is trí Chóras Bainistíochta Foirgnimh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhainistítear ár bhfóntais. Tháinig feabhas ar an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh go B3 sa bhliain 2023, ó C2 sa bhliain 2021. Is rátáil í sin atá os cionn an mheáin d'fhoirgnimh den sórt sin. Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig sa bhliain 2024:

| Bliain | Neamhleictreach (ola) | Leictreach |
|---|---|---|
| **2024** | 60,097 kWh | 41,966 kWh |
| **2023** | 66,426 kWh | 40,053 kWh |

Choigil an tÚdarás 66,612 kWh d'fhuinneamh sa bhliain 2024, i gcomparáid leis an mBliain Tagarmhairc (2018). Bunaithe ar phraghsanna i mí na Nollag 2024, tá sé sin cothrom le coigilt bhliantúil €9,287.

| | Leictreachas | Ola | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Bliain Tagarmhairc** | 56,281 | 112,394 | 168,674 |
| **2024** | 41,966 | 60,096 | 102,062 |
| **Difríocht Chéatadánach** | -25.4% | -46.5% | -39.5% |

Lean foireann fuinnimh an Údaráis le faireachán a dhéanamh ar úsáid fuinnimh ar na bealaí seo:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid téimh agus úsáid leictreachais le cabhair ónár gcomhairleoir fuinnimh, agus tuilleadh oiliúna a sholáthar inár gCóras Bainistíochta Foirgnimh chun ár gcórais téimh agus uisce the a uathoibriú.
- Feasacht agus oiliúint foirne. A bhuí leis na comharthaí atá in airde ar fud an fhoirgnimh, meabhraítear do bhaill foirne leictreachas a chaomhnú agus bheith aireach ar a n-úsáid fuinnimh. Chuir ár gcomhairleoir fuinnimh oiliúint ar bhaill foirne chun feasacht agus caomhnú fuinnimh a mhéadú.

## Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh an tÚdarás Slándála Príobháidí an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide uainn don tréimhse 2023 go 2030. Leagtar amach sa Treochlár ár gcuspóirí go dtí an bhliain 2030 agus dírítear ann ar ár dtiomantas dár ngealltanas a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí carbóin glan-nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050 chun ár bpláinéad a chosaint ar son na nglúnta atá le teacht. Agus béim láidir á leagan ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar oiliúint a chur ar ár bhfoireann, déanfaimid, agus muid ag obair le daoine eile, difear dearfach marthanach do shláinte agus folláine ár bhfoirne agus do shláinte agus folláine na hearnála slándála i gcoitinne.

Leanfaimid d'obair i dtreo an sainordú earnála poiblí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ó Rialtas na hÉireann. De réir cheanglais na hearnála poiblí, is iad seo a leanas ár spriocanna foriomlána:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030.

- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón 33% sprioc sa bhliain 2020 go 50% faoin mbliain 2030.
- An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide uainn a nuashonrú gach bliain laistigh de shé mhí ó fhoilsiú an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

**Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide**

Ag obair dúinn i gcomhar lenár gcomhairleoir fuinnimh, lean an tÚdarás d'fhéachaint ar réitigh ar conas a chomhlíonaimid na hoibleagáidí atá orainn faoin bPlean Gnímh don Aeráid 2021, áit nach mór dúinn ár n-astaíochtaí a laghdú faoi 51% agus ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 50% faoin mbliain 2030.

Glacann an tÚdarás páirt i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun tuairisc a thabhairt ar a úsáid fuinnimh de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009). Tá an tÚdarás páirteach san fheachtas feasachta éifeachtúlachta fuinnimh 'Cumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ón mbliain 2010 amach, agus sinn ag díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ag ár n-oifig i mBaile Thiobraid Árann.

**Ciorclán 1/20: Nósanna imeachta le haghaidh na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh**

Rinneadh íocaíocht €40.42 leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide i leith aerthaisteal a thóg baill foirne sa bhliain 2024.

**Clár na ndeiseanna chun cabhrú le hastaíochtaí a laghdú agus lenár spriocanna a chomhlíonadh**

Tá na nithe seo a leanas i measc na dtionscadal atá á mbreithniú ag an Údarás idir an gearrthéarma agus an meántéarma chun cabhrú linn ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus a bhfuil idirchaidreamh á dhéanamh againn le hOifig na nOibreacha Poiblí ina leith:

- An soilsiú ar fad a uasghrádú ina shoilsiú LED;
- Na fuinneoga cáisminte adhmaid uile a uasghrádú ina bhfuinneoga ina bhfuil gloiniú tánaisteach;
- Roghanna téimh ísealfhuinnimh a chur leis i limistéir ghníomhacha an fhoirgnimh chun riachtanais fuinnimh an fhoirgnimh a laghdú;
- Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as gléasanna allamuigh an Chórais Bainistíochta Foirgnimh agus as braiteoirí chun teochtaí a chothromú agus chun an t-ualach teasa a laghdú;
- Ár gcoire a uasghrádú ar aon dul leis an athrú ó sholáthar ola go soláthar gáis.

# Aguisín 5 – Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta don bhliain 2024

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

## Protected Disclosures Act, 2014,

## as Amended 2022,

## Annual Report

## Disclosures Made to the Authority

1. Foráiltear le halt 22(5) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (an tAcht), go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí, gach duine forordaithe agus an Coimisinéir tuarascáil ina mbeidh na nithe seo a leanas a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin faoin 1 Márta gach bliain i leith na bliana féilire díreach roimhe sin:

   - Ráiteas á rá gur bhunaigh an comhlacht poiblí, an duine forordaithe nó an Coimisinéir sin bealaí agus nósanna imeachta inmheánacha tuairiscithe de réir an Achta;
   - I gcás daoine forordaithe agus an Choimisinéara, ráiteas á rá gur bhunaigh an duine forordaithe nó an Coimisinéir sin bealaí agus nósanna imeachta seachtracha tuairiscithe de réir an Achta; agus
   - An fhaisnéis a soláthraíodh don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi alt 22(1) den Acht.

2. Is é seo an tuarascáil ón Údarás Slándála Príobháidí (an tÚdarás) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

3. Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis ina dhuine forordaithe faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta agus faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 367 de 2020. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh oibrithe laistigh den tionscal Slándála Príobháidí nochtadh cosanta a dhéanamh leis an Údarás.

4. Bhunaigh an tÚdarás bealach tiomnaithe inmheánach tuairiscithe agus nósanna imeachta tiomnaithe inmheánacha tuairiscithe chun cabhrú le baill foirne éagóiritheoireacht fhéideartha a thuairisciú.

5. Bhunaigh an tÚdarás beartas seachtrach tuairiscithe freisin, rud atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.psa-gov.ie\protected disclosures.

6. Sa bhliain 2024, fuair an tÚdarás seacht dtuairisc tríd an mbealach seachtrach tuairiscithe a bunaíodh faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Is achoimrithe i dTábla 1 atá an fhaisnéis a soláthraíodh don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi alt 22(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, don bhliain féilire 2024:

**Tábla 1: Faisnéis a soláthraíodh don Aire faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 – An Bhliain Féilire 2024**

| **1. Tuairiscí a fuarthas** | **Líon** |
|---|---|
| Tuairiscí a fuarthas tríd an mbealach seachtrach tuairiscithe | 7 |
| **2. Measúnú ar thuairiscí** | **Líon** |
| Seo a leanas na torthaí ag deireadh na bliana i gcás na seacht dtuairisc a fuarthas sa bhliain féilire: | |
| Cinneadh sa mheasúnú nach bhfuil údar ann le gníomh leantach breise faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta | 4 |
| Táthar ag fanacht leis an measúnú a chur i gcrích, agus is féidir go mbeidh údar ann le gníomh leantach breise | 1 |
| Tarchuireadh an tuairisc chuig Comhlacht eile faoi na nósanna imeachta um Nochtadh Cosanta | 1 |
| Tá an tuairisc á himscrúdú ag an Údarás | 1 |
| **3. Imscrúdú ar thuairiscí** | **Líon** |
| Imscrúduithe* a osclaíodh<br>*Tagraíonn an téarma “imscrúdú” d’aon chineál gnímh leantaigh a rinneadh de bhun tuairisce chun fírinneacht na faisnéise a tuairiscíodh a shuí | 1 |
| Imscrúduithe a dúnadh | 0 |
| Imscrúduithe a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana féilire | 1 |
| Fad na n-imscrúduithe a bhí ar oscailt: Ar oscailt le níos lú ná 1 bhliain | 1 |
| Meánfhad na n-imscrúduithe a dúnadh | N/B |
| Fad airmheánach na n-imscrúduithe a dúnadh | N/B |
| **4. Nithe a Imscrúdaíodh** | **Líon** |
| Sáruithe ar oibleagáid dhlíthiúil | 1 |
| **5. Imeachtaí a Tionscnaíodh** | **Líon** |
| Imeachtaí a tionscnaíodh de bhun imscrúduithe | 0 |
| Cásanna a tarchuireadh chuig comhlacht eile chun imeachtaí a thionscnamh | 0 |
| **6. Tuairiscí gan ainm** | **Líon** |
| An líon tuairiscí gan ainm a tugadh | 0 |
| Imscrúduithe a osclaíodh mar fhreagairt do thuairiscí gan ainm | 0 |

**An tUas. John Phelan**
Príomhfheidhmeannach

31 Eanáir 2025

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Mionsonraí Teagmhála


## An tÚdarás Slándála Príobháidí

Sráid an Dáibhisigh
Baile Thiobraid Árann
Co. Thiobraid Árann
E34 PY91

T.: 062-32600
R.: info@psa-gov.ie
G.: www.psa-gov.ie

## Ceadúnú Conraitheoirí

T.: 062-32606 062-32614
062-32624 062-32627
062-32661 062-32635
062-32631
R.: contractors@psa-gov.ie

## Cáilíochtaí agus Caighdeáin

T.: 062-32636 062-32616
062-32643 062-32659
062-32607
R.: standards@psa-gov.ie

## Ceadúnú Daoine Aonair

T.: 062-32600
R.: licensing@psa-gov.ie

## Gnóthaí Corparáideacha

T.: 062-32622 062-32633
R.: info@psa-gov.ie

## Comhlíonadh agus Cigireacht

T.: 062-32608 062-32612
R.: enforcement@psa-gov.ie


**www.psa-gov.ie**

Fitzpatrick Design and Print 062 51113